Kilkenny County Council
Comhairle Chontae Chill Chainnigh

# An N25 Phort Láirge go dtí an Gleann Mór

## An Rogha is Fearr
## Imeacht Taispeántais Phoiblí
## An 26 Bealtaine go dtí an 4 Meitheamh



An Roinn Iompair
Department of Transport

Project Ireland 2040
Building Ireland's Future

TII
Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

ATKINS
Member of the SNC-Lavalin Group

# Cúlra an Tionscadail

Is nasc ríthábhachtach é an N25 sa líonra bóithre náisiúnta agus réigiúnacha san oirdheisceart ag cur rochtain ar fáil ar Chorcaigh, ar Chathair Phort Láirge agus ar Europort Ros Láir, agus ag an am céanna ag éascú an rochtain ar cheithre cinn de na poirt is mó sa tír, Corcaigh, Port Láirge, Ros Mhic Thriúin agus Ros Láir. Tá rochtain curtha ar fáil leis an N25 ar aerfort Chorcaí agus ar aerfort Phort Láirge, freisin.

# Cur Síos ar an Tionscadal

Tá Comhairle Contae Chill Chainnigh ag obair i gcomhpháirtíocht le Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) chun scéim bóithre a fhorbairt chun nascacht iompair an N25 idir Port Láirge agus an Gleann Mór a fheabhsú agus rochtain straitéiseach a chur i gcrích ar bhóithre náisiúnta eile, an N24, an M8, an M9 agus an M11, mar shampla.

Is mórthionscadal bonneagair é seo do Réigiún an Oirdheiscirt a bhfuil infheistíocht shuntasach déanta ann le deich mbliana anuas, agus Seachbhóthar Chathair Phort Láirge an N25 críochnaithe in 2010 agus Seachbhóthar an N25 i Ros Mhic Thriúin in 2020.

Leis an Tionscadal seo, táthar chun an nasc idir an dá scéim sheachbhóthar débhealaigh sin a chríochnú, trí bhóthar ard-chaighdeáin a thógáil, agus beidh an inrochtaineacht áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta feabhsaithe dá bharr, agus an nascacht idirnáisiúnta feabhsaithe, fiú, mar gheall ar na Calafoirt i gCorcaí, i Ros Láir, i bPort Láirge agus i Ros Mhic Thriúin. Feabhsófar iontaofacht an ama turais agus an tsábháilteacht ar bhóithre do gach uile úsáideoir mar gheall ar an scéim. Tá an próiseas curtha ar aghaidh i gcéimeanna, agus deiseanna ann don phobal chun páirt a ghlacadh sa phróiseas cinnteoireachta. Faoi láthair tá Céim 2 - An Roghnúchán curtha i gcrích chun críche an tionscadail agus mar chuid den phróiseas seo tá imeacht taispeántais phoiblí á reáchtáil chun na geallsealbhóirí a chur ar an eolas faoin Rogha is Fearr.

**Táthar chun imeacht taispeána poiblí neamhreachtúil a chur ar siúl chun an Rogha Is Fearr a fhógairt.**

# Cad Atá Ag Tarlú Faoi Láthair?

Tá an Fhoireann Tionscadail tar éis measúnú ar na sé rogha conaire bealaigh a chríochnú, a foilsíodh le linn an chomhairliúcháin phoiblí neamhreachtúil a tionóladh i Meitheamh 2020. Is é an rogha dúghorm atá sainaitheanta mar an Rogha Is Fearr. Rinneadh é seo a mheas le bheith an rogha a chuireann an cothromaíocht is fearr de buntáistí agus de thionchair de réir na sé critéir a úsáidtear chun tionscadail bonneagair iompair a roghnú.

Is iad na critéir seo ná:



**Gníomhaíocht Choirp**



**Inrochtaineacht agus Cuimsiú Sóisialta**



**Sábháilteacht**



**Comhtháthú**



**An comhshaol**



**Geilleagar**

Is éard is aidhm an Taispeántais Phoiblí ná chun an phobal a chur ar an eolas faoin Rogha is Fearr agus chun deis a thabhairt don phobal páirt a ghlacadh sa phróiseas má tá ceisteanna, ábhair imní agus barúlacha acu a bhaineann leis an Rogha Is Fearr.

> **Is éard is aidhm an Taispeántais Phoiblí ná chun an phobal a chur ar an eolas faoin Rogha is Fearr.**

**www.n25waterford2glenmore.ie**

# Tuairisc ar an Rogha is Fearr

Is é an chonair bhealaigh dhúghorm an Chonair Bhealaigh Is Fearr Atá ag Teacht Chun Cinn, tá sí thart ar 9.5 km ar fad agus téann sí ó thuaidh ó dheas trí lár limistéar an staidéir, gar do chonair an N25 atá ann cheana, ach taobh thiar de agus i gcomhthreomhar leis.

Is éard atá léirithe leis an gconaire ná na tailte sin ina bhforbrófar scéim bhóthair an N25 le linn Chéim 3 - an Dearadh & an Mheastóireacht Chomhshaoil.

Tosaíonn an bealach sa deisceart ag na Fliuchmhuine agus téann sé ó thuaidh ar fad an taobh thiar den N25 atá ann cheanna féin, ag dul trí na bailte fearainn an Fhliuchmhuine, an Chorr Mhór, Baile Ruarach, Baile Dháith, Baile Bhracham, Baile an Ghallaigh, Baile na Móna, Baile Roibín, agus ag teacht ar ais ar líne ag Cill Mochaomhóg, ó dheas ó Shráidbhaile an Ghleanna Mhóir agus ag leanúint ó thuaidh trí na bailte fearainn an Gleann Mhóir, Gráig na Cille agus Baile Uí Bheirnín, áit a nascann sé leis an taobh theas de Thimpeallán an Ghleanna Mhóir atá nuathógtha.

Ní léirítear sa chonaire leithead dearaidh deiridh an bhóthair ná na dtailte atá le fáil ach oiread.

**Is é an chonair bhealaigh dhúghorm an Rogha Is Fearr.**

**www.n25waterford2glenmore.ie**



# An Rogha is Fearr



# Cad é an Chéad Rud Eile atá le Tarlú?

Anois go bhfuil an próiseas Roghnúcháin tugtha chun críche agus an Rogha Is Fearr sainaitheanta, is féidir tús a chur le Céim 3 (An Phleanáil agus an Mheasúnú Comhshaoil). Leis seo, áireofar dearadh an bhóthair agus an bhonneagair ghaolmhar laistigh de Chonair An Rogha is Fearr, Tuarascáil um Measúnú Tionchair Timpeallachta (EIAR) agus Ordú Ceannaigh Éigeantach (CPO) a ullmhú.

Le linn Chéim 3 tabharfar faoi tuilleadh rannpháirtíochta le húinéirí talún agus le páirtithe leasmhara feadh Chonair an Chabhlaigh mar chuid de an próiseas dearaidh.

Tá an chonaire 600m ar leithead, agus déanfar leagadh amach an bhóthair a fhorbairt agus a mionchoigeartú de réir na n-imscrúduithe agus na measúnuithe breise arna ndéanamh ag speisialtóirí comhshaoil agus teicniúla le haghaidh an tionscadail agus é mar aidhm acu tionchair fhéideartha a sheachaint, a laghdú agus a mhaolú.

Tar éis Chéim 3, is éard a bheidh i gceist le Céim 4 (Próisis Reachtúla) ná na cáipéisí riachtanacha a chur faoi bhráid an Bhoird Phleanála (ABP) chun toiliú pleanála a fháil.

De réir cheanglais an Chóid Chaiteachais Phoiblí maidir leis an gcaiteachas caipitil, beidh dul chun cinn na scéime ag teacht faoi réir breithmheasa agus faomhadh agus maoiniú ón Rialtais. Féadfar don ABP éisteacht ó bhéal a reáchtáil maidir leis an scéim.

# An Taispeántas Poiblí

## An Chonair Bhealaigh Is Dealraithí a Roghnófar 26 Bealtaine go 4 Meitheamh 2021

Is é seo an chéad imeacht taispeána poiblí do Scéim an N25 Phort Láirge go dtí an Gleann Mór. Mar atá déanta go dtí seo, foilseofar an fhaisnéis ar fad ar shuíomh gréasáin an tionscadail:
**www.n25waterford2glenmore.ie**

Mar fhreagairt ar na srianta maidir le COVID-19 a bhaineann le himeachtaí poiblí a reáchtáil, forbraíodh eispéireas taispeána poiblí ar líne ar an suíomh gréasáin agus beidh sé ar siúl ón 26 Bealtaine go dtí an 4 Meitheamh 2021. Leis an imeacht ar líne seo, tabharfar deis do gheallsealbhóirí agus don phobal i gcoitinne léarscáileanna agus faisnéis faoin tionscadail a fheiceáil. Beidh an fhoireann tionscadail i láthair, mar a bhíonn i gcónaí, chun éisteacht le tuairimí agus le hábhair imní ó na geallsealbhóirí uile agus in bpobal i gcoitinne i dtimpeallacht atá sábháilte agus inrochtana, agus is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn na slite seo a leanas:

- Na codanna tráchtaireachta ar shuíomh gréasáin an tionscadail: **n25waterford2glenmore.ie**
- An seoladh ríomhphoist tiomnaithe **N25waterford2glenmore@kilkennycoco.ie**

# An Scéim agus an Treochlár don Chomhairliúchán Poiblí

| Bliain | Céim na Scéime | Staidéir agus Taighde | Comhairliúchán |
|---|---|---|---|
| 2018 | **Céim 0**<br>An Raon Feidhme & an Réamh-Bhreithmheas | Ceadú chun Leanúint ar Aghaidh | Rannpháirteac has na nGeallsealbhói rí Críochnaithe 2018 |
| 2019 | **Céim 1**<br>An Coincheap agus an Indéantacht | An Limistéar Staidéir agus Mapáil na Srianta | Rannpháirteac has na nGeallsealbhói rí Críochnaithe 2019 |
| **2019 · 2021** | **Céim 2**<br>An Roghnúchán | Rogha Conaire Bealaigh Sainaithint agus Mionchoigeartú | Roghanna Conaire Bealaigh Comhairliúchán Poiblí |
| | | Tuarascáil um an Roghnúchán agus An Rogha Is Fearr. | An Rogha is Fearr Imeacht Taispeána Poiblí Neamh-Reachtúil maidir leis an gConair |
| 2021 · 2022 | **Céim 3**<br>An Dearadh & an Measúnú Comhshaoil | Measúnuithe Comhshaoil & Deartha a | Rannpháirteachas na nGeallsealbhóirí |
| 2022 · 2023 | **Céim 4**<br>An Próiseas Reachtúil | Orduithe Reachtúla a ullmhú agus a fhoilsiú (EIA & CPO) | Comhairliúchán reachtúil leis an mBord Pleanála |

**Beidh an imeacht Taispeántais Phoiblí ar siúl ón 26 Bealtaine go dtí an 4 Meitheamh 2021.**

Kilkenny County Council
Comhairle Chontae Chill Chainnigh

Halla Contae Chomhairle Contae
Chill Chainnigh
Sráid Eoin, Cill
Chainnigh, R95 A39T

N25waterford2glenmore@kilkennycoco.ie